Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 17 Bealtaine 2021
(OR. en)

8807/21

Comhad Idirinstitiúideach:
2020/0374(COD)

CODEC 701
COMPET 359
IA 88
MI 350
RC 22
TELECOM 207

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Coiste na mBuanionadaithe |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 14172/20 + ADD 1-4 - COM(2020) 842 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le margaí inchoimhlinte agus cothroma san earnáil dhigiteach (an Ionstraim um Margaí Digiteacha)<br>- Tuarascáil ar dhul chun cinn |

## I. RÉAMHRÁ

1. An 15 Nollaig 2020, chuir an Coimisiún faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le margaí inchoimhlinte agus cothroma san earnáil dhigiteach (an Ionstraim um Margaí Digiteacha)[1].

2. Leis an Ionstraim um Margaí Digiteach, i dteannta na hIonstraime um Sheirbhísí Digiteacha[2], beartaítear na rialacha lena rialaítear seirbhísí digiteacha san Aontas Eorpach a uasghrádú agus a chomhlánú, agus is cuid de Straitéis Dhigiteach an Choimisiúin dar teideal *Shaping Europe's Digital Future* [Todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú] iad.

[1] 14172/20 + ADD 1

[2] Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha (an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha) agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (14124/20 + COR 1 + ADD 1).

3. Is é aidhm an togra seo, bunaithe ar Airteagal 114 CFAE, earnáil dhigiteach atá inchoimhlinte agus cothrom a áirithiú i gcoitinne agus i gcroísheirbhísí ardáin go háirithe, d'fhonn nuálaíocht, táirgí agus seirbhísí digiteacha ar ardcháilíocht, praghsanna atá cothrom agus iomaíoch, chomh maith le hardcháilíocht agus rogha d'úsáideoirí gnó agus deiridh san earnáil dhigiteach a chur chun cinn.

4. D'eisigh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí a thuairim an 10 Feabhra 2021[3].

5. D'eisigh Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim an 27 Aibreán 2021[4].

6. Táthar i ndiaidh cinneadh críochnaitheach a dhéanamh i bParlaimint na hEorpa maidir leis an gcoiste freagrach. Is é an príomhchoiste freagrach an Coiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra (IMCO). Is é Andreas Schwab (PPE, DE) an Rapóirtéir. Tugadh stádas comhlachaithe don Choiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta (ECON) agus don Choiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh (ITRE), agus rannchuideoidh na coistí LIBE, JURI, CULT agus TRAN leis an bpróiseas reachtach lena dtuairimí.

7. I ráiteas an 25 Márta 2021 uathu, d'iarr comhaltaí na Comhairle Eorpaí ar na comhreachtóirí oibriú go gasta ar an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha agus ar an Ionstraim um Margaí Digiteacha d'fhonn an Margadh Aonair do sheirbhísí digiteacha a neartú trí spás digiteach níos sábháilte agus cothrom na Féinne a chruthú chun an nuálaíocht agus an t-iomaíochas a chothú.

## II. AN OBAIR LAISTIGH DEN CHOMHAIRLE

8. An 16 Nollaig 2020, nuair ba leis an Ghearmáin an uachtaránacht, thug an Coimisiún forléargas ginearálta ar an togra don Mheitheal um Iomaíocht. Faoi dheireadh mhí na Bealtaine 2021, faoi Uachtaránacht na Portaingéile, beidh an togra scrúdaithe ag an Meitheal um Iomaíocht ag 15 cinn de chruinnithe.

9. Chun críoch an phlé a rinneadh sa Mheitheal um Iomaíocht, roinn Uachtaránacht na Portaingéile an togra i naoi mbloc tógála (ainmniú na maor geata, oibleagáidí na maor geata, cur chun feidhme na n-oibleagáidí, slánú i bhfad na haimsire, raon feidhme an Rialacháin agus ról na mBallstát, cumhachtaí imscrúdaitheacha agus faireacháin an Choimisiúin, comhlíonadh, ráthaíochtaí nós imeachta, gníomhartha cur chun feidhme agus tarmligthe).

[3] An Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí – Tuairim 02/21 an 10.2.2021
[4] INT/928 – EESC-2021-00127-00-00-AC-TRA

10. Rinneadh mionscrúdú ar an measúnú tionchair a ghabhann leis an togra seo ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal an 14 Eanáir 2021, agus díríodh go háirithe ar ghnéithe ar iarr na toscaireachtaí tuilleadh soiléirithe ina leith (go háirithe ar an mbunús dlí, ainmniú na maor geata, an t-idirghníomhú idir an Ionstraim um Margaí Digiteacha agus reachtaíocht, oibleagáidí agus costais rialála eile).

11. Thug an Mheitheal um Iomaíocht an chéad scrúdú iomlán ar an togra chun críche an 26 Aibreán 2021, agus mar sin dealraíonn sé gurb iomchuí an dul chun cinn sa phlé a thuairisciú do Choiste na mBuanionadaithe (COREPER) d'fhonn an Chomhairle Iomaíochais (Comhairle COMPET) a chur ar an eolas an 27 Bealtaine 2021.

## III. STAID NA HIMEARTHA AGUS NA PRÍOMH-SHAINCHEISTEANNA

12. Cé go bhfuil a seasaimh forchoimeádta ag na Ballstáit ar feitheamh an phlé atá fós ar siúl, d'aithin an Uachtaránacht go bhfuil tacaíocht ghinearálta ag na Ballstáit do leibhéal uaillmhéine an togra, do chuspóirí foriomlána an togra agus don ghá a fhormheas go pras. Go háirithe, d'aithin an Uachtaránacht go bhfuil tacaíocht leathan ann do (i) an gá atá le cothromaíocht chóir a aimsiú idir nósanna imeachta tapa solúbtha, ar thaobh amháin, agus deimhneacht dhlíthiúil na mbeart, ar an taobh eile; (ii) an teaglaim de thairseacha cainníochtúla agus cáilíochtúla chun maoir gheata a ainmniú agus (iii) an tábhacht a bhaineann le hionstraimí imscrúdaitheacha éifeachtacha a bheith ann, agus smachtbhannaí éifeachtacha chun tacú leo.

13. Bunaithe ar an bplé a rinneadh go dtí seo ar leibhéal na Meithle, tá na príomh-shaincheisteanna seo a leanas sainaitheanta ag an Uachtaránacht ó thaobh na polaitíochta agus an dlí de, a mbeidh tuilleadh oibre ag teastáil ina leith sa chaibidlíocht:

### a) Ról na mBallstát i bhforfheidhmiú na hIonstraime um Margaí Digiteacha

14. Cé go n-aithníonn na Ballstáit i gcoitinne gur cheart ról lárnach a bheith ag an gCoimisiún i gcur chun feidhme agus forfheidhmiú na hIonstraime um Margaí Digiteacha, d'iarr formhór na mBallstát go mbreithneofaí ról na mBallstát a thuilleadh, lena n-áirítear na húdaráis náisiúnta inniúla, mar shampla maidir le himscrúduithe margaidh a oscailt, faireachán a dhéanamh ar an margadh agus maidir leis an nós imeachta cinnteoireachta.

15. Tá sainaitheanta ag roinnt Ballstát freisin gur gá an creat le haghaidh comhair agus comhroinnt faisnéise idir an Coimisiún agus na Ballstáit a shoiléiriú, go háirithe i gcomhthéacs chur chun feidhme Airteagal 1(7). Áirítear leis sin an ról atá beartaithe a bheith ag an gCoiste Comhairleach um Margaí Digiteacha agus, lena chois sin, rannpháirtíocht na n-údarás iomaíochta náisiúnta.

**b) Gníomhartha tarmligthe**

16. De réir an togra, i gcásanna sonracha (Airteagail 3(5) agus 10) féadfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a eisiúint faoi imthosca áirithe (Airteagal 37). Chuir roinnt Ballstát in iúl go raibh amhras orthu faoi raon feidhme na ngníomhartha tarmligthe dá bhforáiltear sa togra, mar shampla chun an mhodheolaíocht a shonrú maidir leis na tairseacha cainníochtúla is infheidhme maidir le maoir gheata a ainmniú faoi Airteagal 3.

17. Ina theannta sin, agus é á aithint acu gur gá féachaint chuige go mbeidh na rialacha is infheidhme maidir leis na maoir gheataí slán i bhfad na haimsire, léirigh líon suntasach de na Ballstáit forchoimeádais freisin maidir le húsáid agus raon feidhme gníomhartha tarmligthe i dtaca le nuashonrú, faoi Airteagal 10, na n-oibleagáidí a leagtar síos in Airteagail 5 agus 6, lena n-áirítear i bhfianaise na rialacha is infheidhme maidir le gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

**c) Raon feidhme, bunús dlí agus idirghníomhú na hIonstraime um Margaí Digiteacha le reachtaíocht eile**

18. Soláthraítear leis an togra seo sraith rialacha chomhchuibhithe le haghaidh maoir gheata ar leibhéal an Aontais d'fhonn a áirithiú go mbeidh margaí inchoimhlinte agus cothroma san earnáil dhigiteach, rud a chuirfidh le dea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh trí ilroinnt a sheachaint. Mhínigh an Coimisiún gur comhlánú é an togra ar na rialacha atá ann cheana agus, nuair is iomchuí, go bhfuil sé gan dochar do reachtaíocht eile is infheidhme maidir le soláthar seirbhísí a chumhdaítear sa togra, ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta (Airteagal 1).

19. D'admhaigh na Ballstáit i gcoitinne go bhfuil gá le rialacha comhchuibhithe; mhol roinnt Ballstát soiléiriú a dhéanamh ar an ngaol idir cuspóirí an togra agus a bhunús dlí.

20. Ina theannta sin, ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil agus éifeachtúlacht, d'iarr roinnt Ballstát go soiléireofaí a thuilleadh an comhordú idir an Ionstraim um Margaí Digiteacha agus rialacha eile de chuid an Aontais agus rialacha náisiúnta, amhail na rialacha iomaíochta, an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí[5], an Rialachán maidir le hardáin le haghaidh gnó ('an Rialachán P2B')[6] nó reachtaíocht a bhaineann le cearta maoine intleachtúla.

---

[5] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1-88)

[6] Rialachán (AE) 2019/1150 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le cothroime agus trédhearcacht a chur chun cinn d'úsáideoirí gnó a bhaineann úsáid as seirbhísí idirghabhála ar líne (IO L 186, 11.7.2019, lch. 57-79)

**d) Ainmniú na maor geata, oibleagáidí agus idirphlé rialála**

21. Tacaíonn na Ballstáit i gcoitinne le príomhphrionsabail an tsásra lena n-ainmnítear maoir gheata, go háirithe an teaglaim de chritéir chainníochtúla agus cháilíochta. Mhol roinnt Ballstát leasuithe ar roinnt gnéithe a bhaineann le hainmniú na maor geata (Airteagail 3, 4 agus 15). I dteannta na gceisteanna maidir le gníomhartha tarmligthe a úsáid faoi Airteagal 3(5) a luaitear thuas, mhol roinnt Ballstát athruithe ar na critéir lena sainítear an nós imeachta ainmniúcháin, mar shampla béim a leagan ar an ngá straitéisí ilchuideachta a chur san áireamh mar ghné ábhartha den mheasúnú as a dtagann ainmniú na maor geata.

22. Ina theannta sin, luaigh roinnt Ballstát saincheisteanna i ndáil leis na spriocdhátaí is infheidhme maidir leis na himscrúduithe margaidh a bhaineann leis na maoir gheata a ainmniú.

23. Cé gur léirigh na Ballstáit tacaíocht láidir d'oibleagáidí a shainítear go soiléir agus atá in-fhorfheidhmithe, d'iarr cuid acu go ndéanfaí coigeartuithe ar an raon feidhme agus ar na coinníollacha maidir le cuid de na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagail 5 agus 6, arb iad croílár an togra iad. Tagraíonn sé seo go háirithe d'oibleagáidí maidir le hidir-inoibritheacht, iniomparthacht sonraí agus rochtain ar shonraí. Luaigh roinnt Ballstát freisin gur gá cur chuige níos indibhidiúla a bheith ann maidir leis na hoibleagáidí a fhorchur ós rud é nach mór dóibh samhlacha gnó éagsúla na maor geata a léiriú. Ina theannta sin, d'iarr roinnt Ballstát go soiléireofaí a thuilleadh na hoibleagáidí is infheidhme maidir le maoir gheata atá ag teacht chun cinn.

24. D'fhéadfadh sé gur ghá, agus bearta á gcur chun feidhme ag maor geata, na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 6 a shonrú a thuilleadh, ar oibleagáidí iad atá faoi réir creat idirphlé roghnaigh (Airteagal 7) idir na maoir gheata agus an Coimisiún chun comhlíonadh na n-oibleagáidí a éascú. I ndáil leis an méid sin, d'iarr roinnt Ballstát go neartófaí an ról atá acu tríd an gCoiste Comhairleach um Margaí Digiteacha. Mhol roinnt Ballstát go bhféadfaí deis a bheith ag na maoir gheata leas a bhaint as an éifeachtúlacht agus as údair oibiachtúla lena n-iompar chun gur fearr a chuirfí san áireamh tionchar iompar na maor geata ar thomhaltóirí agus ar staid ar leith gach maoir geata. Bhí Ballstáit eile den tuairim go lagódh an fhéidearthacht sin an Ionstraim um Margaí Digiteacha agus go mbeadh forfheidhmiú na ionstraime níos liopasta, níos faide agus níos neamhéifeachtaí mar gheall air sin. Ina theannta sin, chuir roinnt Ballstát i dtábhacht gur gá an t-idirghníomhú idir an creat idirphlé rialála agus na himeachtaí maidir le neamhchomhlíonadh a shoiléiriú.

25. Lena chois sin, luaigh roinnt Ballstát saincheisteanna maidir le raon feidhme na n-iarrataí réasúnaithe ar oibleagáidí agus ar dhíolúintí ó oibleagáidí a chur ar fionraí, ar oibleagáidí iad sin dá bhforáiltear in Airteagail 8 agus 9.

26. Le hAirteagal 12 ceanglaítear ar mhaoir gheata an Coimisiún a chur ar an eolas maidir le héadálacha soláthraithe seirbhísí digiteacha eile, d'fhonn eolas a thabhairt don athbhreithniú ar stádas an mhaoir geata agus d'fhonn faireachán a dhéanamh ar threochtaí inchomhlinteachta. D'iarr roinnt Ballstát téacs níos uaillmhianaí i ndáil leis sin, lena bhfeabhsófaí an córas rialaithe cumasc i ndáil le héadálacha a fhaigheann maoir gheata. Mhínigh an Coimisiún go dtugtar aghaidh ar an sprioc sin, agus go háirithe ar an ngá aghaidh a thabhairt ar shaincheist na 'éadálacha marfacha' san earnáil dhigiteach, tríd an athrú i gcur chuige beartais an Choimisiúin maidir le hatreoruithe na mBallstát faoi Airteagal 22 de Rialachán an Aontais maidir le Cumaisc. Dar le roinnt Ballstát gur cheart an fhaisnéis a bhailítear tríd an oibleagáid sin faoi Airteagal 12 na nósanna imeachta um rialú cumasc a fhothú ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, agus mhol siad soiléiriú comhfhreagrach a chur in Airteagal 31 nach n-úsáidfear an fhaisnéis ach chun críocha na hIonstraime um Margaí Digiteacha.

**e) Saincheisteanna eile**

27. Ar na saincheisteanna eile a dúirt na toscaireachtaí gur ceart go ndéanfaí tuilleadh plé orthu, áirítear, *inter alia*, an méid seo a leanas:

- Ar cheart roinnt oibleagáidí a bheith mar chuid d'éiceachórais na maor geata;
- Fad na n-imscrúduithe margaidh agus an tairseach le haghaidh leigheasanna maidir le neamhchomhlíonadh córasach;
- Raon feidhme agus tairseach do bhearta eatramhacha.

28. Rinneadh dul chun cinn suntasach le linn Uachtaránacht na Portaingéile, agus leanfaidh na toscaireachtaí d'anailís chuimsitheach a dhéanamh ar ábhar an togra. Dá bhrí sin, agus castacht an togra, a thionchar ar an margadh aonair agus ar mhargaí inchoimhlinte agus cothroma san earnáil dhigiteach agus a idirghaol le hionstraimí eile i ndlí an Aontais agus sa dlí náisiúnta á gcur san áireamh, is gá tuilleadh oibre a dhéanamh ar an leibhéal teicniúil sula bhféadfaidh an Chomhairle cinneadh polaitiúil a dhéanamh; is rannchuidiú é an tuarascáil seo ina léirítear na príomh-shaincheisteanna ina leith sin. Tá Uachtaránacht na Portaingéile tiomanta do dhlúthobair a dhéanamh le hUachtaránacht inteachta na Slóivéine d'fhonn comhréiteach a éascú amach anseo.

## IV. NA CONCLÚIDÍ

29. Iarrtar ar an gComhairle (Iomaíochas) an tuarascáil seo ar dhul chun cinn ón Uachtaránacht a thabhairt dá haire.